Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

# An Plean um Líonra Luchtaithe Réigiúnach agus Áitiúil d’Fheithiclí Leictreacha 2024-2030


## ACHOIMRE FHEIDHMEACH



An Roinn Iompair

# ACHOIMRE FHEIDHMEACH

**Is ionann an Plean um Líonra Luchtaithe Réigiúnach agus Áitiúil d'Fheithiclí Leictreacha agus an dara cuid de Phlean um Líonra Luchtaithe Náisiúnta d'Fheithiclí Leictreacha, plean a dhíríonn ar phointí luchtaithe comharsanachta agus cinn scríbe. D'fhoilsigh Feithiclí Astaíochta Nialasacha Éireann (ZEVI) dréacht-Phlean um Luchtú Feithiclí Leictreacha ar an nGréasán Náisiúnta Bóithre cheana féin a dhíríonn ar sheirbhísí luchtaithe ar an tslí, ar Mhótarbhealaí, ar Phríomhbhóithre agus ar Bhóithre Tánaisteacha. I dteannta a chéile, cuimsíonn na pleananna seo an Plean um Líonra Luchtaithe Náisiúnta d'Fheithiclí Leictreacha.**




**Fíor 1.** *Beidh an Plean um Líonra Luchtaithe Náisiúnta d'Fheithiclí Leictreacha ina theaglaim den Phlean um Luchtú Feithiclí Leictreacha ar an nGréasán Náisiúnta Bóithre agus den Phlean um Líonra Luchtaithe Réigiúnach agus Áitiúil d'Fheithiclí Leictreacha.*

## Aistriú ó Chur Chuige Gnólacht-treoraithe go Cur Chuige Pleantreoraithe

Mar fhreagra ar an riachtanas atá ann tacú le leathnú comhordaithe a dhéanamh ar an líonra luchtaithe feithiclí leictreacha (EV) áitiúla, is é aidhm an phlean seo bonneagar luchtaithe poiblí EV a chur ar fáil ar bhealach atá tapa agus cothrom ar an leibhéal réigiúnach agus áitiúil chun an aistriú chuig feithiclí astaíochtaí nialasacha do gach cineál úsáideora a éascú, agus oibriú i dtreo córas iompair níos glaine a bhaint amach go náisiúnta agus ar leibhéal na hEorpa.

Leagann an doiciméad seo amach treochlár chun na huaillmhianta seo a bhaint amach ag pointí luchtaithe ceann scríbe agus comharsanachta agus réitíonn sé an bealach chun líonra luchtaithe poiblí féinchothabhálach a fhreastalaíonn ar riachtanais gach cineál úsáideora a chur chun feidhme. Tacaíonn an plean seo le seachadadh pleananna dea-shainithe áitiúla agus réigiúnacha d'fhonn líonra athléimneach a bheidh slán i bhfad na haimsire a chur ar fáil, líonra nach bhfuil ag brath chomh mór sin ar chistiú poiblí agus a spreagann rannpháirtíocht geallsealbhóirí príobháideacha le torthaí a bhaint amach.

Cé go ndéantar na huaillmhianta sin a shainiú go príomha ar an leibhéal náisiúnta de réir an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 agus de réir na Straitéise maidir le Bonneagar Luchtaithe Feithiclí Leictreacha 2022-2025, ar an leibhéal Eorpach, déanann an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR) ceanglais agus caighdeáin shonracha a leagan amach chun bonneagar

luchtaithe inrochtana agus éifeachtúil a chur ar fáil. Áirítear ar na spriocanna sin sprioc ghinearálta "fhlítbhunaithe", lena n-éilítear aschur cumhachta náisiúnta iomlán bunaithe ar líon na bhfeithiclí ceallra-leictreacha (BEV) nó na bhfeithiclí hibride inluchtaithe (PHEV) a bheidh sa tír faoi 2025 agus 2030.

Déantar foráil freisin do riachtanais mhionsonraithe an Rialacháin maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha ag na pointí luchtaithe sa Ghréasán Tras-Eorpach Iompair d'fhonn luchtú ardchumhachta ar an tslí a chur ar fáil. Tar éis na riachtanas maidir le luchtú ar an tslí a chur san áireamh, déanfar na riachtanais cumhachta náisiúnta atá fágtha a dháileadh agus a sholáthar trí na seirbhísí luchtaithe cinn scríbe agus comharsanachta:

- Is éard atá i gceist le luchtú cinn scríbe ná luchtú a chur ar fáil ag ceann scríbe an turais ionas gur féidir le cuairteoirí agus cónaitheoirí áitiúla ceallraí a bhfeithiclí leictreacha a bhreisiú fad agus atá an carr páirceáilte acu agus iad i mbun gnó nó gníomhaíochtaí áineasa.
- Freastalaíonn luchtú comharsanachta ar chónaitheoirí - cuirtear ar fáil pointí luchtaithe i limistéir chónaithe nach bhfuil páirceáil lasmuigh den tsráid ná pointí luchtaithe baile ar fáil iontu.

## Spriocanna um Líonra Luchtaithe Cinn Scríbe agus Comharsanachta d'Fheithiclí Leictreacha

Ag cur san áireamh an taithí idirnáisiúnta agus náisiúnta, sainítear spriocanna náisiúnta chun tacú le cur chun feidhme líonra luchtaithe d'fheithiclí leictreacha ar scála mór agus an t-aistriú chuig feithiclí leictreacha ar fud na tíre a éascú. D'fhonn tacú leis an aistriú chuig feithiclí leictreacha ar fud na mBallstát Eorpach. glacadh an Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR) in 2023 chun modh a chur ar fáil na bunriachtanais maidir le bonneagar luchtaithe ó bharr anuas a ríomh.

Tá an ríomh seo ó bharr anuas, atá bunaithe ar úsáid réamh-mheasta feithiclí leictreacha in Éirinn, mar bhonn leis na spriocanna náisiúnta maidir le bonneagar d'fheithiclí leictreacha a chur ar fáil. Rinneadh na spriocanna seo a bhriseadh síos ag leibhéal an chontae bunaithe ar an gcion stairiúil agus réamh-mheasta den fhlít feithiclí atá cláraithe go háitiúil ar fheithiclí leictreacha iad. Tugann sé seo léiriú do na húdaráis áitiúla faoin íosmhéid cumhachta luchtaithe poiblí a bheidh orthu a chur ar fáil, beag beann ar an soláthar luchtaithe atá ar fáil ar fud an Ghréasáin náisiúnta bóithre. Go náisiúnta, éileofar aschur cumhachta iomlán de 169,253 agus 562,244 kW ag suíomhanna cinn scríbe agus cónaithe faoi 2025 agus 2030, faoi seach.


| Réigiún 7 | 2025 | 2030 |
|---|---|---|
| Contaetha/Ceantair | AFIR (kW) | AFIR (kW) |
| Dún na nGall | 5,724 | 18,716 |
| Sligeach | 2,412 | 8,019 |
| Contae na Gaillimhe | 6,437 | 21,465 |
| Maigh Eo | 5,006 | 16,271 |
| An Clár | 4,535 | 14,888 |
| **Iomlán** | **24,113** | **79,360** |

| Cathair 1 | 2025 | 2030 |
|---|---|---|
| Contaetha/Ceantair | AFIR (kW) | AFIR (kW) |
| Cathair na Gaillimhe | 2,797 | 9,327 |
| **Iomlán** | **2,797** | **9,327** |

| Cathair 2 | 2025 | 2030 |
|---|---|---|
| Contaetha/Ceantair | AFIR (kW) | AFIR (kW) |
| Cathair/Contae Luimnigh | 6,780 | 22,276 |
| **Iomlán** | **6,780** | **22,276** |

| Réigiún 6 | 2025 | 2030 |
|---|---|---|
| Contaetha/Ceantair | AFIR (kW) | AFIR (kW) |
| Contae Chorcaí | 12,454 | 40,955 |
| Ciarraí | 5,691 | 18,647 |
| **Iomlán** | **18,146** | **59,601** |

| Cathair 3 | 2025 | 2030 |
|---|---|---|
| Contaetha/Ceantair | AFIR (kW) | AFIR (kW) |
| Cathair Chorcaí | 8,083 | 26,581 |
| **Iomlán** | **8,083** | **26,581** |



| Réigiún 1 | 2025 | 2030 |
|---|---|---|
| Contaetha/Ceantair | AFIR (kW) | AFIR (kW) |
| An Cabhán | 2,840 | 9,239 |
| Liatroim | 1,283 | 4,166 |
| Muineachán | 2,299 | 7,428 |
| **Iomlán** | **6,422** | **20,833** |

| Réigiún 2 | 2025 | 2030 |
|---|---|---|
| Contaetha/Ceantair | AFIR (kW) | AFIR (kW) |
| Uíbh Fhailí | 2,794 | 9,094 |
| Laois | 2,755 | 9,048 |
| An Longfort | 1,457 | 4,736 |
| Ros Comáin | 2,449 | 7,616 |
| An Iarmhí | 3,378 | 11,247 |
| **Iomlán** | **12,833** | **41,741** |

| Réigiún 3 | 2025 | 2030 |
|---|---|---|
| Contaetha/Ceantair | AFIR (kW) | AFIR (kW) |
| Fine Gall | 9,146 | 31,186 |
| DLR | 7,042 | 24,014 |
| Baile Átha Cliath Theas | 8,704 | 29,681 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 17,403 | 59,345 |
| **Iomlán** | **42,296** | **144,226** |

| Réigiún 4 | 2025 | 2030 |
|---|---|---|
| Contaetha/Ceantair | AFIR (kW) | AFIR (kW) |
| Cill Dara | 8,422 | 28,268 |
| Cill Mhantáin | 5,268 | 17,680 |
| An Mhí | 7,306 | 24,476 |
| An Lú | 4,203 | 13,755 |
| **Iomlán** | **25,199** | **84,179** |

| Réigiún 5 | 2025 | 2030 |
|---|---|---|
| Contaetha/Ceantair | AFIR (kW) | AFIR (kW) |
| Tiobraid Árann | 6,311 | 20,680 |
| Cill Chainnigh | 3,552 | 11,658 |
| Port Láirge | 4,360 | 14,329 |
| Loch Garman | 6,069 | 19,929 |
| Ceatharlach | 2,294 | 7,526 |
| **Iomlán** | **22,585** | **74,121** |

**Fíor 2.** *Achoimre ar na riachtanais acmhainneachta luchtaithe d'fheithiclí leictreacha faoi 2025 agus 2030 ar fud limistéir na n-údarás áitiúil.*

## Ról Criticiúil na nÚdarás Áitiúil maidir le Dlús a chur le Seachadadh Bonneagair

Chun na spriocanna uaillmhianacha i dtaobh laghdaithe astaíochtaí GCT a theastaíonn san earnáil iompair a bhaint amach, tá gá le pleanáil straitéiseach don líonra luchtaithe. Tá údaráis áitiúla oiriúnach go hidéalach chun dlús a chur le soláthar bonneagair luchtaithe ar an leibhéal áitiúil atá inbhuanaithe ó thaobh airgeadais de agus is fearr a chinntíonn rochtain chothrom do chách. Tá údaráis áitiúla in áit mhaith le:

- tuiscint dhomhain ar riachtanais na bpobal áitiúil,
- mórthionscadail bhonneagair a chur ar fáil, lena n-áirítear,
- úinéireacht suíomhanna oiriúnacha láithreáin,
- cumas acmhainní príobháideacha agus cistiúcháin a ghiaráil trí chonarthaí agus trí fheidhmeanna pleanála,
- cumas tionscadail bhonneagair d'fheithiclí leictreacha a chur ar chomhréim le beartais, straitéisí agus tionscadail náisiúnta agus áitiúla (e.g., gníomhú ar son na haeráide, taisteal gníomhach, leictrea-shoghluaisteacht, bainistiú éilimh, tionscadail tithíochta agus bhonneagair), agus
- cumas tionscadail a chomhordú agus a sheachadadh thar theorainneacha contae i gcomhpháirtíocht le húdaráis áitiúla eile.


Trí phleanáil straitéise agus seachadadh tionscadal bonneagair réigiúnach agus áitiúil d'fheithiclí leictreacha a chur i gcrích, déantar maoiniú agus acmhainní a bharrfheabhsú chomh maith le comhordú a chumasú thar theorainneacha dlínse. Trí chomhordú a dhéanamh idir grúpaí réigiúnacha (féach Fíor 2), comhordú atá formheasta i bprionsabal leis na húdaráis áitiúla, is féidir na rioscaí a bhaineann le pleanáil chúng, neamhchomhtháite agus le rósholáthar bonneagair a sheachaint i gcásanna nach bhfuil an t-éileamh ann. Agus an am céanna, cinntítear go mbeidh rochtain chothrom le fáil ar bhonneagar luchtaithe d'fheithiclí leictreacha i gceantair tuaithe agus iargúlta chun freastal ar an éileamh a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

I gcaitheamh 2024, forbróidh údaráis áitiúla straitéisí maidir le líonraí luchtaithe agus pleananna cur chun feidhme chun suíomhanna ardchaighdeáin do bhonneagar luchtaithe a shainaithint. Beidh sé mar aidhm ag na straitéisí agus pleananna seo a chinntiú go gcuirfear riachtanais úsáideoirí agus riachtanais an bhonneagair luchtaithe náisiúnta araon san áireamh. Is iad na straitéisí áitiúla seo a chinnfidh na bunriachtanais luchtaithe ag suíomhanna cinn scríbe agus comharsanachta agus cabhróidh siad freisin le cinntí a dhéanamh maidir leis gcur chuige is fearr a ghlacadh i gcomhpháirtíochtaí leis an earnáil phríobháideach, d'fhonn an leas is fearr a bhaint as saineolas teicniúil, acmhainní agus cistiú príobháideach.

Tá obair shuntasach déanta cheana féin ar fhorbairt straitéise agus rinneadh roinnt straitéisí údaráis áitiúla agus réigiúnacha a chur i gcrích. Mar sin féin, tá straitéisí eile fós i gcéimeanna luatha den phróiseas. Cé nach féidir éagsúlachtaí i dtaca le forbairt a sheachaint, leanfaidh ZEVI ar aghaidh ag cur tacaíochtaí ar fáil d'fhorbairt straitéisí.

Chun teacht thar bhacainní ar imlonnú, leanfaidh ZEVI ar aghaidh ag déanamh scrúdú ar shásraí maoinithe, iarrachtaí caighdeánaithe, bealaí chun an rialáil a chuíchóiriú, pleanáil acmhainneachta eangaí, comhordú i measc geallsealbhóirí, feachtais oideachais phoiblí, agus dreasachtaí spriocdhírithe chun infheistíocht phríobháideach a spreagadh i mbonneagar luchtaithe cinn scríbe agus comharsanachta. Chun spriocanna Éireann maidir leis an bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach, beidh gá le hiarracht chomhordaithe ó na páirtithe leasmhara, go háirithe ón gcóras leictreachais (m.sh. Eirgrid agus ESB Networks), chun bonneagar d'fheithiclí leictreacha a chur ar fáil go tráthúil.

## Treochlár i dtreo Cur i bhFeidhm




**Fíor 3.** *Príomhchéimeanna a bhaineann le líonraí luchtaithe a chur chun feidhme*

Chun dlús a chur le cur chun feidhme líonra poiblí luchtaithe d'fheithiclí leictreacha a fhreastalaíonn ar an éileamh reatha agus a chinntíonn aistriú cothromasach chuig feithiclí leictreacha sa todhchaí, ní mór cur chuige pleantreoraithe a bhfuil riachtanais úsáideoirí ina chroílár de a chur in áit an chur chuige reatha atá bunaithe ar inmharthanacht tráchtála amháin. Cinntíonn sé seo go líonfar bearnaí sa líonra luchtaithe, rud a thabharfaidh aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le rochtain chothrom ar luchtú i limistéir ar bhaol go ndéanfaí neamhaird dóibh dá mba rud é gurb í an inmharthanacht tráchtála amháin a bhí i gceist. Chun an bonneagar ar an scála is gá a sheachadadh, cuirfear saolré tionscadail sé chéim i bhfeidhm laistigh de gach limistéir réigiúnach/áitiúil. Tosaíonn an próiseas seo le forbairt straitéise ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach chun na céimeanna ina dhiaidh sin a threorú i dtreo seachadadh agus oibríochtaí leanúnacha bonneagair luchtaithe ag láithreacha cinn scríbe agus comharsanachta.

Tar éis dóibh a straitéis a fhorbairt, i gcéim 2 de shaolré an tionscadail, déanfaidh na húdaráis áitiúla gearrliostaí de na suíomhanna luchtaithe is oiriúnaí a leagan amach, agus déanfar iad seo a chur chun feidhme i dtrí chéim (Tábla 1), chun spriocanna luchtaithe áitiúla a bhaint amach. Cuirtear san áireamh sa chur chuige céimnithe maidir le seachadadh bonneagair an t-éileamh atá ann, an maoiniú atá ar fáil, agus oiriúnacht na suíomhanna éagsúla. Le cur chuige céimnithe, is féidir tionscadail luathghluaisneora a chur i bhfeidhm láithreach, gan mórán bacainní, agus ag an am céanna ceadaítear pleanáil leordhóthanach a chur i bhfeidhm chun tionscadail níos casta a sheachadadh níos déanaí. Cuireann an cur chuige céimnithe seo ar chumas údaráis áitiúla taithí a fháil agus a bpleananna a chur in oiriúint dá réir. Tugann sé seo deis dóibh freisin mionathruithe a chur i bhfeidhm ar an mbonneagar, réitigh nuálacha a mheas, agus díriú isteach ar conas an clúdach is fearr a chur ar fáil d'úsáideoirí.

Beidh dúshlán mór ag baint le seachadadh an bhonneagair ag an scála agus an méid atá leagtha amach sa phlean seo. Tá sé ríthábhachtach na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist a réamh-mheas agus freagairt dóibh le bearta maolaithe d'fhonn an baol a laghdú go mbeidh moilleanna ann sa phróiseas. I measc na ndúshlán atá roimh chur chun feidhme an bhonneagair luchtaithe cinn scríbe agus comharsanachta a éilítear a bheith ann faoi 2025 agus 2030, tá easpa acmhainní, infhaighteacht cistiúcháin, infhaighteacht suíomhanna, acmhainneacht theoranta eangaí, cur isteach ar an slabhra soláthair, ceadanna pleanála, agus dúshláin dhlíthiúla ionchasacha eile. Mar sin féin, má thugtar aghaidh go réamhghníomhach ar na rioscaí sin trí phleanáil straitéiseach, comhoibriú le páirtithe leasmhara, agus cineálacha cur chuige oiriúnaitheacha eile a chur i bhfeidhm, is féidir linn na dúshláin sin a shárú agus a chinntiú go gcuirfear bonneagar luchtaithe ardchaighdeáin inrochtana ar fáil go rathúil. Trí na rioscaí seo a bhainistiú go héifeachtach, réiteoimid an bealach le haghaidh glacadh forleathan feithiclí leictreacha, rud a chuirfidh go mór leis an aistriú chuig córais iompair inbhuanaithe agus a chuirfidh ar ár gcumas todhchaí níos glaise a chruthú do chách.

**Tábla 1** . *Céimeanna seachadta bonneagair luchtaithe d'fheithiclí leictreacha*

| Céim Seachadta | Céim 1 | Céim 2 | Céim 3 |
|---|---|---|---|
| Tréimhse seachadta | Go R4 2025* | 2026 go dtí lár 2028* | Lár 2028 go R4 2030* |
| Cur síos | Láithreáin, a fhreastalaíonn ar an gcuid is mó de riachtanais úsáideoirí, tábhacht straitéiseach (m.sh., leathadh geografach agus séasúrach), suíomhanna cinn scríbe agus comharsanachta, gan mórán bacainní ar sheachadadh nó gan aon bhacainní ar sheachadadh, chun spriocanna AFIR 2025 a bhaint amach. | Láithreáin a bhfuil bacainní ar sheachadadh orthu (m.sh. ceadanna pleanála, uasghráduithe eangaí leictreachais), ach a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo, ag láithreacha cinn scríbe agus comharsanachta chun spriocanna AFIR 2030 a bhaint amach. Scálú ag láithreacha suímhChéim 1 atá ann cheana féin, nuair is gá. | Láithreáin a bhfuil bacainní arda orthu maidir le seachadadh, ach a bhfuil tábhacht straitéiseach mheánach agus ard ag baint leo. Aistriú chuig pleanáil sonraíbhunaithe, atá bunaithe ar éileamh úsáideoirí ag láithreacha atá ann cheana féin. Scálú ag láithreacha suímh Chéim 1 agus 2 atá ann cheana féin, nuair is gá. |
| Athbhreithniú | Athbhreithniú straitéise leanúnach, measúnú ar bhearnaí sa líonra luchtaithe poiblí agus riachtanais úsáideoirí i gcomhréir le glacadh EV | | |
| Táirgí insoláthartha | 169,253 kW | 562,244 kW | |

**Is dátaí táscacha iad seo a bhraitheann ar fhorbairt straitéise na n-údarás áitiúil agus ar chúinsí áitiúla.*

Department of Transport
**gov.ie/transport**

**An Roinn Iompair**
Department of Transport